

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/455 ÓN gCOIMISIÚN
an 15 Márta 2021**

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1326 a mhéid a bhaineann le caighdeán chomhchuibhithe don comhoiriúnacht leictreamaighnéadach maidir le fearais chiorcaid rialaithe agus le gnéithe lasctha, agus le trealamh ilmheán

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (¹), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (²), maidir le trealamh leictreach atá i gcomhréir le caighdeán chomhchuibhithe, nó codanna díobh, a bhfoilsítear sonraí tagartha dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, táthar lena thoimhdiú go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha dá gcumhdaítear leis na caighdeán sin nó na codanna díobh a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.
- (2) Trí Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 7641 (³), chuir an Coimisiún iarraigd isteach chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN), chuig Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (CENELEC) agus chuig Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI) maidir leis na caighdeán chomhchuibhithe le haghaidh na comhoiriúnachta leictreamaighnéadaí a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 2014/30/AE.
- (3) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 7641, rinne CEN agus CENELEC athbhreithniú ar chaighdeán comhchuibhithe EN 60947-5-2:2007 maidir le fearais chiorcaid rialaithe agus gnéithe lasctha, a bhfoilsítear sonraí tagartha dó i straith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (⁴). Dá thoradh sin, glacadh caighdeán comhchuibhithe EN IEC 60947-5-2:2020.
- (4) Rinne an Coimisiún, mar aon le CEN agus CENELEC, a mheasúnú an gcomhlíonann an caighdeán comhchuibhithe sin an iarraigd a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 7641.
- (5) Comhlíonann an caighdeán comhchuibhithe EN IEC 60947-5-2:2020 na ceanglais fhíor-riachtanacha a bhfuil sé ina aidhm leo a chumhdach agus a leagtar amach i dTreoir 2014/30/AE. Is iomchuí dá réir sin an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe sin a fhoiliú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
- (6) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1326 ón gCoimisiún (⁵) liostaítear sonraí tagartha na gcaighdeán comhchuibhithe lena dtoimhdítear go bhfuil siad i gcomhréir le Treoir 2014/30/AE. Chun a áirithíú go liostófar in aon ghníomh amháin na tagairtí do chaighdeán chomhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2014/30/AE, ba cheart sonraí tagartha chaighdeán EN IEC 60947-5-2:2020 a chur san áireamh san Iarscríbhinn sin.

(¹) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

(²) Treoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 79).

(³) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 7641 ón gCoimisiún an 30 Samhain 2016 maidir le hiarradh ar chaighdeánú a chur isteach chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú, chuig Coiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil agus chuig Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide a mhéid a bhaineann le caighdeán chomhchuibhithe chun tacú le Treoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach.

(⁴) IO C 246, 13.7.2018, lch. 1.

(⁵) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1326 ón gCoimisiún an 5 Lúnasa 2019 maidir le caighdeán chomhchuibhithe i dtaca le comhoiriúnacht leictreamaighnéadach arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2014/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 206, 6.8.2019, lch. 27).

- (7) Dá bhrí sin, is gá na sonraí tagartha don chaighdeán comhchuibhithe EN 60947-5-2:2007, mar aon leis na sonraí tagartha don chaighdeán leasaitheach a ghabhann leis EN 60947-5-2:2007/A1:2012 a tharraingt siar as sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
- (8) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1326, liostaítear sonraí tagartha na gcaighdeán comhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2014/30/AE agus atá le tarraingt siar as sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Is iomchuí, dá bhrí sin, sonraí tagartha don chaighdeán comhchuibhithe EN 60947-5-2:2007, mar aon le sonraí tagartha don chaighdeán leasaitheach a ghabhann leis EN 60947-5-2:2007/A1:2012, a chur san áireamh san Iarscríbhinn sin.
- (9) Ar bhonn na hiarrata a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 7641, leasaigh CEN agus CENELEC caighdeán comhchuibhithe EN 55035:2017, a gcuirtear sonraí tagartha dó san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1326. Dá thoradh sin, glacadh caighdeán leasaitheach EN 55035:2017/A11:2020. Is é is aidhm do chaighdeán comhchuibhithe EN 55035:2017/A11:2020 na caighdeán chomhchuibhithe seo a leanas, mar aon le haon chaighdeán leasaitheach nó ceartúcháin a ghabhann leo, a ionadú: EN 55020:2007, nach bhfoilsítear sonraí tagartha dó in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh; EN 55024:2010, a bhfoilsítear sonraí tagartha dó i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh⁽⁶⁾; agus EN 55103-2:2009, a gcuirtear sonraí tagartha dó san áireamh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1326, a bhfuil dáta tarraingt siar an 18 Samhain 2021 aige, a liostaítear sonraí tagartha na gcaighdeán comhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2014/30/AE agus atá tarraingthe siar as Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.
- (10) Comhlíonann caighdeán comhchuibhithe EN 55035:2017, arna leasú le EN 55035:2017/A11:2020, an iarraidh a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2016) 7641 agus comhlíonann sé na ceanglais fhíor-riachtanacha a bhfuil sé mar aidhm leo a chumhdach agus a leagtar amach i dTreoir 2014/30/AE. Is iomchuí, dá bhrí sin, an iontráil a bhaineann le caighdeán comhchuibhithe EN 55035:2017 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1326 a ionadú, ionas go gcuirfear sonraí tagartha do EN 55035:2017 san áireamh mar aon le sonraí tagartha do EN 55035:2017/A11:2020, agus go gcuirfear sonraí tagartha do chaighdeán comhchuibhithe EN 55024:2010 in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin san áireamh.
- (11) Chun a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí ullmhú do chur i bhfeidhm chaighdeán comhchuibhithe EN IEC 60947-5-2:2020, agus do tharraingt siar sonraí tagartha do EN 55024:2010, is gá tarraingt siar na sonraí tagartha do na caighdeán chomhchuibhithe seo a leanas, mar aon le sonraí tagartha don chaighdeán leasaitheach ábhartha a ghabhann leo, a chur siar: EN 60947-5-2:2007, arna leasú le EN 60947-5-2:2007/A1:2012, agus EN 55024:2010.
- (12) Tugadh isteach athruithe suntasacha le caighdeán comhchuibhithe EN 55035:2017 ar na sonraíochtaí a leagtar amach i gcaighdeán comhchuibhithe EN 55103-2:2009. Dá bhrí sin, rinne CENELEC foráil, i gcaighdeán comhchuibhithe EN 55035:2017, maidir le tréimhse fhada do chomhlacthaí náisiúnta um chaighdeánú chun na caighdeán náisiúnta lena dtrsasúitear caighdeán comhchuibhithe EN 55103-2:2009 a ionadú. Toisc gur gá dearadh roinnt tárgí atá cumhdaithe ag caighdeán comhchuibhithe EN 55103-2:2009, amhail fearas rialaithe fuaime, físe, closamhairc agus soilsithe siamsaíochta a mhodhnú go suntasach faoin 18 Samhain 2021 ós rud é go scoireann caighdeán comhchuibhithe EN 55103-2:2009 de thoimhde comhréireachta a sholáthar ina dhiaidh sin, féadfaidh nach mbeidh líon monaróirí in ann an spriocdháta sin a chomhlíonadh. Is iomchuí, dá bhrí sin, dáta tharraingt siar chaighdeán comhchuibhithe EN 55103-2:2009 a chur siar go heisceachtúil. Ba cheart, dá bhrí sin, an iontráil maidir le caighdeán comhchuibhithe EN 55103-2:2009 in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1326 a mhodhnú dá réir.
- (13) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1326 a leasú dá réir.
- (14) Is éard a thoimhdítar le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhlíontacht ann leis na ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear sonraí tagartha caighdeán den chineál sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

⁽⁶⁾ IO C 246, 13.7.2018, lch. 1.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1326 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1326 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Márta 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN*

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1326 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 2:

| Uimh. | Sonraí tagartha an chaighdeáin |
|-------|--|
| “2. | EN 55035:2017 Comhoiriúnacht leictreamaighnéadach maidir le trealamh ilmheán - Ceanglais um imdhíonacht EN 55035:2017/A11:2020”; |

- (2) cuirtear an iontráil seo a leanas leis:

| Uimh. | Sonraí tagartha an chaighdeáin |
|-------|--|
| “15. | EN IEC 60947-5-2:2020 Giarlasc ísealvoltais agus giar rialaithe – Cuid 5-2: Fearais chiorcaid rialaithe agus gnéithe lasctha - Lascóirí neasachta”. |

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1326 mar a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 4:

| Uimh. | Sonraí tagartha an chaighdeáin | Dáta an tarraingt siar |
|-------|---|------------------------|
| '4. | EN 55103-2:2009 Comhoiriúnacht leictreamaighnéadach — Caighdeán an tacair táirgí maidir le fearas rialaithe fuaime, físe, closamhairc agus soilsithe siamsaíochta le haghaidh úsáid ghairmiúil — Cuid 2: Imdhíonacht | 28 Iúil 2022'; |

- (2) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

| Uimh. | Sonraí tagartha an chaighdeáin | Dáta an tarraingt siar |
|-------|---|------------------------|
| '12. | EN 55024:2010 Trealamh teicneolaíochta faisnéise - Saintréithe imdhíonachta - Teorainneacha agus modhanna tomhais | 16 Meán Fómhair 2022 |
| 13. | EN 60947-5-2:2007 Giarsc ísealvoltais agus giar rialaithe – Cuid 5-2: Fearais chiorcaid rialaithe agus gnéithe lasctha - Lascóirí neasachta EN 60947-5-2:2007/A1:2012 | 16 Meán Fómhair 2022'. |